**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/300 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Deireadh Fómhair 2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le faisnéis atá le malartú idir údaráis inniúla**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 95(10), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó nádúr, is margaí trasteorann iad margaí cripteashócmhainní. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú gur féidir le húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla faisnéis a mhalartú a chuireann ar a gcumas maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar eintitis a oibríonn ina ndlínsí faoi seach.

(2) Dá bhrí sin, leis an bhfaisnéis atá le malartú ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart do na húdaráis sin a bheith in ann a ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh go héifeachtach faoin Rialachán sin. Dá bhrí sin, is gá an fhaisnéis a shonrú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó údaráis inniúla í a mhalartú chun go mbeidh siad in ann na cúraimí sin a dhéanamh.

(3) Chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla faireachán éifeachtach a dhéanamh ar eisiúint agus tairiscint cripteashócmhainní don phobal seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid, ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú ní hamháin maidir leis na cripteashócmhainní iad féin, lena n-áirítear a saintréithe teicniúla agus a gcatagóiriú, ach freisin maidir le tairiscint na gcripteashócmhainní, eisitheoirí agus tairgeoirí na gcripteashócmhainní agus na daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis ghinearálta agus doiciméid ghinearálta a mhalartú lenar féidir na daoine ábhartha a shainaithint agus tuiscint a fháil ar eisiúint agus ar thairiscint na gcripteashócmhainní, lena n-áirítear páipéir bhána maidir le cripteashócmhainní ar tugadh fógra ina leith, chomh maith le faisnéis a bhaineann le sáruithe, pionóis agus bearta sainaitheanta, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus stair ábhartha maidir le comhlíonadh agus iompar.

(4) Ar an gcaoi chéanna, chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar eisiúint comharthaí sócmhainn-tagartha, ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú maidir le saintréithe teicniúla comharthaí den sórt sin. Ina theannta sin, ba cheart dóibh an fhaisnéis is gá a mhalartú chun a áirithiú nach n-eisíonn ach daoine údaraithe comharthaí sócmhainn-tagartha, agus gurb é an t-eisitheoir nó duine atá údaraithe ag an eisitheoir a thairgeann iad. Thairis sin, chun a mheas an gcomhlíonann eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha Teideal III de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis agus doiciméid a mhalartú maidir le ceanglais stuamachta agus socruithe rialachais an eisitheora, lena n-áirítear a chomhlacht bainistíochta, a oiriúnacht agus a scairshealbhóirí chomh maith le haon phionós agus bearta riaracháin arna bhforchur, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faisnéis maidir le comhlíonadh ábhartha agus stair iompair ábhartha an eisitheora.

(5) Ba cheart do na húdaráis inniúla, chun go mbeidh siad in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar eisiúint comharthaí ríomh-airgid, faisnéis a mhalartú maidir le saintréithe teicniúla comharthaí den sórt sin. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a mhalartú chun a áirithiú go n-eiseoidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 comharthaí ríomh-airgid, chun a áirithiú go gcomhlíonann na heisitheoirí sin na ceanglais ábhartha i dTeideal IV den Rialachán sin, agus chun faisnéis a mhalartú maidir le haon phionós agus bearta a fhorchuirtear, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faisnéis maidir le comhlíonadh ábhartha agus stair iompair ábhartha na n-eisitheoirí.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

(6) Chun faireachán éifeachtach ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis ghinearálta a mhalartú, arb éard atá iontu doiciméid agus doiciméid eile a thugann léargas ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla na soláthraithe sin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do na húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú freisin faoin bpróiseas údaraithe agus faoi chomhlíonadh Theideal V de Rialachán (AE) 2023/1114 ina dhiaidh sin. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin faisnéis faoi chomhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, a oiriúnaí atá sé chun na soláthraithe sin a bhainistiú, agus clú a chomhaltaí, chomh maith le faisnéis faoi scairshealbhóirí, pionóis agus bearta a forchuireadh, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus faisnéis maidir le comhlíonadh ábhartha agus stair iompair ábhartha na soláthraithe.

(7) Ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis ábhartha a mhalartú freisin maidir le hamhras faoi dhrochúsáid mhargaidh chun a ndualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh ar bhealach cuimsitheach.

(8) Ar deireadh, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a mhalartú maidir le haon amhras faoi neamhrialtachtaí i ngníomhaíochtaí daoine nádúrtha agus dlítheanacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114, chomh maith le sonraí faoi aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na neamhrialtachtaí sin do chosaint infheisteoirí nó don chobhsaíocht airgeadais.

(9) Ba cheart an malartú faisnéise idir údaráis inniúla maidir le gníomhaíochtaí imscrúdúcháin, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcomhréir leis an gceart chun sonraí pearsanta na ndaoine lena mbaineann a chosaint, mar a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8, faoi seach, de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ní mór dó Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní mhalartaítear ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun gníomhaíochtaí imscrúdúcháin, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2023/1114 agus ní choinnítear na sonraí sin níos faide ná mar is gá chun na críche sin.

(10) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna ndréachtú ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i ndlúthchomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) D'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3].

(12) Ní dhearna ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná níl anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na caighdeáin sin a thabhairt isteach, ós rud é go mbeadh sé an-díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na gcaighdeán sin dá ndéanfaí amhlaidh, agus é á chur san áireamh nach ndéanfadh an Rialachán seo difear ach do na húdaráis inniúla agus ní do rannpháirtithe sa mhargadh.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] agus thug sé tuairim uaidh an 27 Bealtaine 2024,

(2) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(3) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(4) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Faisnéis atá le malartú i ndáil le cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmithe, malartóidh údaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas maidir le cripteashócmhainn seachas comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid:

(a) faisnéis ghinearálta agus doiciméid ghinearálta a fhaightear i gcomhthéacs fógra a thabhairt faoi thairiscint atá beartaithe don phobal nó maidir le ligean isteach chun a dtrádála, agus, i gcás inarb ábhartha, a fhorlíontar ina dhiaidh sin faoi chuimsiú na maoirseachta, lena n-áirítear:

(i) ainm, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme mar a thuairiscítear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2984 ón gCoimisiún ([5]), seoladh cláraithe agus, i gcás nach ionann iad, ceannoifig, sonraí teagmhála, sleachta ábhartha ó chláir náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, airteagail chomhlachais agus ionstraimí comhdhéanaimh eile na ndaoine seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(1) eisitheoir na sócmhainní;

(2) tairgeoir na sócmhainní;

(3) an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach é chun na sócmhainní a thrádáil;

(4) oibreoir an ardáin trádála;

(5) aon duine eile a bhfuil an páipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/1114 tarraingthe suas aige nó ar cheart dó an páipéar bán sin a bheith tarraingthe suas aige;

(ii) gach leagan den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní a dréachtaíodh de bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faisnéis a bhaineann le haon nuashonrú a rinneadh air de bhun Airteagal 12 den Rialachán sin;

(iii) gach leagan den chumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faisnéis a bhaineann le haon nuashonrú a dhéantar orthu de bhun Airteagal 12 den Rialachán sin;

(iv) an fhaisnéis uile maidir leis an tairiscint don phobal agus maidir le ligean isteach chun a dtrádála a fhaightear de bhun Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(v) an míniú, dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, ar an bhfáth nár cheart a mheas gur cripteashócmhainn atá eisiata ó raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114 de bhun Airteagal 2(4) den Rialachán sin, comhartha ríomh-airgid, nó comhartha sócmhainn-tagartha í an chripteashócmhainn a dtugtar tuairisc uirthi sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

(vi) an tuairisc ar an tairiscint don phobal ar chripteashócmhainn agus aon fhaisnéis a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir leis na díolúintí atá in Airteagal 4(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) faisnéis faoi aon phionós, lena n-áirítear pionóis choiriúla, bearta riaracháin nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, i ndáil leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (a)(i);

(c) aon fhaisnéis eile is gá le haghaidh comhair i measc na n-údarás inniúil maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, de bhun Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2984 an 29 Samhain 2024 ón gCoimisiún lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le foirmeacha, formáidí agus teimpléid le haghaidh na bpáipéar bán maidir le criptea-shócmhainní (IO L , 2024/2984, 3.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2984/oj).

*Airteagal 2*

**Faisnéis atá le malartú i ndáil le comharthaí sócmhainn-tagartha**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, malartóidh údaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le comhartha sócmhainn-tagartha:

(a) faisnéis ghinearálta agus doiciméid a fhaightear i gcomhthéacs an iarratais ar údarú mar eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha de bhun Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2023/1114 nó i gcomhthéacs an fhógra de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/296 ón gCoimisiún ([6]), agus, i gcás inarb ábhartha, arna bhforlíonadh ina dhiaidh sin faoi chuimsiú na maoirseachta, lena n-áirítear:

(i) ainmneacha, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme mar a thuairiscítear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2984, seoladh cláraithe agus, i gcás nach ionann iad, ceannoifig, sonraí teagmhála, sleachta ábhartha ó chláir náisiúnta agus, i gcás inarb infheidhme, airteagail chomhlachais agus ionstraimí comhdhéanaimh eile na ndaoine seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(1) eisitheoir is iarratasóir na sócmhainní;

(2) eisitheoir na sócmhainní;

(3) tairgeoir na sócmhainní;

(4) na daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach na sócmhainní chun a dtrádála;

(5) eintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), pointe (h), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(ii) gach leagan den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faisnéis a bhaineann le haon nuashonrú a dhéantar air de bhun Airteagal 25 den Rialachán sin;

(iii) gach leagan den chumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(iv) an tuairim dhlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (e), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(v) an clár oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(vi) faisnéis faoi chomhaltaí chomhlacht bainistíochta eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear a n-ainmneacha agus a bpoist laistigh den chomhlacht bainistíochta, an fhaisnéis is gá chun a ndea-cháil agus a n-oiriúnacht a mheasúnú, go háirithe faisnéis faoina n-eolas ábhartha, a scileanna, a dtaithí oibre agus an t-am a thugann siad dá ndualgais laistigh den chomhlacht bainistíochta, agus an fhaisnéis faoina gcáil dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (e), den Rialachán Tarmligthe lena leagtar suitear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(vii) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le haon athrú ar chomhlacht bainistíochta eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2023/1114, agus measúnú an údaráis inniúil air sin;

(viii) faisnéis faoi scairshealbhóirí a shealbhaíonn 20 % nó níos mó de scairchaipiteal nó de chearta vótála eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear a gcéannacht, méid a sealúchas agus an fhaisnéis faoina gcáil dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a),] de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/413 ón gCoimisiún ([7]);

---

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/296 an 31 Deireadh Fómhair 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an nós imeachta chun páipéar bán maidir le cripteashócmhainní a fhormheas (IO L, 2025/296, 13.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/296/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/413 an 18 Nollaig 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar éadáil bheartaithe sealúchais cháilithigh in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha (IO L, 2025/413, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/413/oj).

(ix) measúnú an údaráis inniúil ar aon éadáil nó diúscairt sealúchais cháilithe atá beartaithe in eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha, i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(x) faisnéis faoi struchtúr eagraíochtúil, faoi dhálaí oibríochtúla agus faoi chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i dTeideal III de Rialachán (AE) 2023/1114 ó eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear:

(1) na socruithe rialachais agus na sásraí rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(2) comhlíontacht le ceanglais cistí dílse, lena n-áirítear maidir le toradh na gclár tástála struis, i gcomhréir le hAirteagal 35(1), (2) agus (5) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(3) i gcás inarb infheidhme, comhlíonadh na gceanglas cistí dílse breise i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(4) comhlíonadh na gceanglas maidir leis an gcúlchiste sócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(5) an t-iniúchadh neamhspleách ar an gcúlchiste sócmhainní, lena n-áirítear achoimre ar thorthaí, de bhun Airteagal 36(9) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(6) gach leagan den phlean téarnaimh arna tháirgeadh de bhun Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh nó a bhaineann le nuashonruithe air de bhun Airteagal 46(3) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(7) gach leagan den phlean fuascailte a táirgeadh de bhun Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faisnéis a bhaineann le haon leasú a rinneadh air de bhun Airteagal 47(3) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) faisnéis faoin údarú mar eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear i gcás inar diúltaíodh an t-údarú nó inar tarraingíodh siar an t-iarratas ar údarú, agus faisnéis faoi údarú a tharraingt siar de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) plean an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha scor de sheirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar arna bhformheas de bhun Airteagal 34(7) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(d) faisnéis faoin gcaillteanas ag an eintiteas tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), pointe (h) de Rialachán (AE) 2023/1114 maidir lena údarú mar institiúid creidmheasa, mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní, mar institiúid íocaíochta, nó mar institiúid ríomh-airgid;

(e) faisnéis maidir le haon fhionraí shealadach arna déanamh ag údarás inniúil ar fhuascailt comharthaí sócmhainn-tagartha agus sainaithint na n-imthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna shealbhóirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus don chobhsaíocht airgeadais de bhun Airteagal 46(4) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(f) faisnéis faoi aon sárú ar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8] ag comhaltaí chomhlacht bainistíochta an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha nó ag scairshealbhóirí nó comhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu san eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha;

(g) faisnéis faoi aon phionós arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear pionóis choiriúla, bearta riaracháin nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, i ndáil le heisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha;

(h) aon fhaisnéis eile is gá le haghaidh comhar i measc na n-údarás inniúil maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

[8] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

*Airteagal 3*

**Faisnéis atá le malartú i ndáil le comharthaí ríomh-airgid**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, malartóidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas faoi chomharthaí ríomh-airgid:

(a) faisnéis agus doiciméid a fhaightear i gcomhthéacs an fhógra ó eisitheoir comharthaí ríomh-airgid de bhun Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus, i gcás inarb ábhartha, arna bhforlíonadh ina dhiaidh sin faoi chuimsiú na maoirseachta, lena n-áirítear:

(i) ainm an eisitheora, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh nó aitheantóir eile a cheanglaítear de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme mar a thuairiscítear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2984 ón gCoimisiún, a sheoladh cláraithe agus, i gcás nach ionann í, a cheannoifig agus a shonraí teagmhála, dá dtagraítear i gCuid A, pointí 1, 3, 5 agus 4, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1114;

(ii) gach leagan den pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(iii) gach leagan den chumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(iv) faisnéis faoin struchtúr eagraíochtúil, faoi na coinníollacha oibríochtúla agus faoi chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i dTeideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114 ó eisitheoir an chomhartha ríomh-airgid, agus faisnéis a sholáthraítear mar chuid den phróiseas údaraithe mar institiúid creidmheasa de bhun Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) nó mar institiúid ríomh-airgid de bhun Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus mar a nuashonraítear faoi chuimsiú na maoirseachta, lena n-áirítear:

(1) a chomhlíontacht leis na ceanglais maidir le hinfheistíocht cistí a leagtar amach in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(2) na pleananna téarnaimh agus fuascailte arna dtáirgeadh de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus faisnéis a bhaineann le haon nuashonrú orthu, chomh maith le haon socrú nó bearta den phlean téarnaimh arna gcur chun feidhme go héifeachtach de bhun an Airteagail sin;

(3) faisnéis maidir le comhlíonadh na gceanglas in Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, i gcás inar cheangail údarás inniúil ar institiúid ríomh-airgid a eisíonn comharthaí ríomh-airgid neamhshuntasacha na ceanglais sin a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 58(2) den Rialachán sin;

(b) faisnéis maidir le haon fhionraí shealadach a dhéanann údarás inniúil ar fhuascailt comharthaí ríomh-airgid agus sainaithint na n-imthosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna shealbhóirí comharthaí ríomh-airgid agus don chobhsaíocht airgeadais, de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) faisnéis faoi aon phionós arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear pionóis choiriúla, bearta riaracháin nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, i ndáil le heisitheoir comharthaí ríomh-airgid;

(d) aon fhaisnéis eile is gá le haghaidh comhar i measc na n-údarás inniúil maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

([9]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

([10]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí ríomh-airgid, leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj).

*Airteagal 4*

**Faisnéis atá le malartú i ndáil le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, malartóidh údaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní:

(a) faisnéis agus doiciméid a fhaightear i gcomhthéacs an iarratais ar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/305 ón gCoimisiún [11] nó de bhun an fhógra de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/303 ón gCoimisiún [12], agus, i gcás inarb ábhartha, arna bhforlíonadh ina dhiaidh sin faoi chuimsiú na maoirseachta, lena n-áirítear:

(i) ainm an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, a aitheantóir eintitis dhlítheanaigh dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 68(10)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114, an tríú fomhír (maidir le taifid a choimeád)], URL a shuímh gréasáin, a sheoladh ríomhphoist teagmhála, a uimhir theileafóin, agus a sheoladh fisiciúil, agus sleachta ó chláir náisiúnta;

(ii) i gcás inarb infheidhme, airteagail chomhlachais an tsoláthraí cripteashócmhainní, dá dtagraítear in Airteagal 62(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(iii) faisnéis faoi chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear:

(1) ainmneacha agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, uimhreacha aitheantais pearsanta a chomhaltaí;

(2) faisnéis faoi na feidhmeanna atá ag gach comhalta dá chuid laistigh den soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(3) i gcás inarb ábhartha, faisnéis faoi aon athrú ar an gcomhlacht bainistíochta agus measúnú an údaráis inniúil air sin;

(iv) faisnéis faoi chomhaltaí chomhlacht bainistíochta an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní is gá chun measúnú a dhéanamh ar a ndea-cháil agus ar a n-oiriúnacht, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh sí ar fáil:

(1) faisnéis faoina dtaithí oibre, faoina scileanna agus faoina n-am a gheall siad dá ndualgais laistigh den chomhlacht bainistíochta;

(2) an fhaisnéis faoina gclú dá dtagraítear in Airteagal 7, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/305;

(v) faisnéis faoi scairshealbhóirí a shealbhaíonn 10 % nó níos mó de scairchaipiteal nó de chearta vótála an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear a gcéannacht, méid a sealúchas, agus an fhaisnéis faoina gcáil a liostaítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/414 ón gCoimisiún [13], agus i gcás inarb ábhartha, measúnú an údaráis inniúil ar aon éadáil nó diúscairtí beartaithe sealúchais cháilithe i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2023/1114;

---

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/305 an 31 Deireadh Fómhair 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le cur san áireamh in iarratas ar údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní (IO L, 2025/305, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/305/oj).

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/303 an 31 Deireadh Fómhair 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 an 31 Deireadh Fómhair 2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis nach mór d'eintitis airgeadais áirithe a thabhairt san fhógra uathu ina leith maidir leis an rún atá acu seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar (IO L, 2025/303, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/303/oj).

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/414 an 18 Nollaig 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar mionsonraithe na faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar shealúchas cáilitheach atá a bheartú a fháil i soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní (OJ L, 2025/414, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/414/oj).

(vi) faisnéis faoin struchtúr eagraíochtúil, faoi na dálaí oibríochtúla agus faoi chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i dTeideal V de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear:

(1) an clár oibríochtaí ina leagtar amach na cineálacha seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthraítear, lena n-áirítear cá háit agus conas a dhéantar na seirbhísí sin a mhargú, de bhun Airteagal 62(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(2) faisnéis faoi na socruithe rialachais agus na sásraí rialaithe inmheánaigh de bhun Airteagal 62(2), pointí (f) agus (i) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(3) faisnéis a bhaineann le comhlíonadh Airteagail 67, 68 agus 70 de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear nósanna imeachta um bainistiú riosca agus nósanna imeachta cuntasaíochta;

(4) i gcás ina mbeidh sé ar fáil, líon na gcliant atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát ar leith dá bhfuil seirbhísí á soláthar ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, luach na gcripteashócmhainní arna mbainistiú nó arna sealbhú do na cliaint sin, agus líon na n-idirbheart arna bhforghníomhú do na cliaint sin;

(5) faisnéis faoi aon chás ina bhfuil amhras ann nach gcomhlíonann soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní na ceanglais a leagtar amach i dTeideal V de Rialachán (AE) 2023/1114, mar aon le míniú ar na bearta a rinne an t-údarás inniúil nó atá beartaithe aige ina dhiaidh sin;

(b) faisnéis a bhaineann leis na taifid arna gcoimeád ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 68(9) agus Airteagal 76(15) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) faisnéis faoin údarú mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní, lena n-áirítear i gcás inar diúltaíodh an t-údarú nó inar tarraingíodh siar an t-iarratas ar údarú, agus faisnéis faoi aon aistarraingt an údaraithe de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(d) faisnéis faoi aon phionós arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear pionóis choiriúla, bearta riaracháin nó gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i ndáil le soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(e) aon fhaisnéis eile is gá le haghaidh comhair i measc na n-údarás inniúil i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 95(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

*Airteagal 5*

**Faisnéis atá le malartú i ndáil le drochúsáid mhargaidh a bhaineann le cripteashócmhainní a chosc agus a thoirmeasc**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, malartóidh údaráis inniúla faisnéis a bhaineann le hamhras faoi dhéileáil chos istigh dá dtagraítear in Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2023/1114, faoi nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (AE) 2023/1114, nó faoi chúbláil mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear:

(a) taifid ar sheirbhísí, gníomhaíochtaí, orduithe agus idirbhearta cripteashócmhainní a dhéanann soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní arna gcoimeád de bhun Airteagal 68(9) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) sonraí a bhaineann le gach ordú i gcripteashócmhainní a fhógraítear trí chórais soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn ardán trádála a choimeádtar de bhun Airteagal 76(15) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) tuarascálacha ar orduithe nó idirbhearta amhrasacha dá dtagraítear in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(d) aon tásca nó fianaise ábhartha a thacaíonn le hamhras den sórt sin;

(e) aon fhaisnéis eile is gá chun comhoibriú i ngníomhaíochtaí imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le Teideal VI de Rialachán (AE) 2023/1114.

*Airteagal 6*

**Faisnéis atá le malartú maidir le bearta réamhchúraim**

I gcás inar gá chun críche imscrúdaithe, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, malartóidh údaráis inniúla faisnéis maidir leis na bearta réamhchúraim dá dtagraítear in Airteagal 102 de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear:

(a) faisnéis faoi aon amhras faoi neamhrialtachtaí i ngníomhaíochtaí tairgeora nó duine atá ag iarraidh go ligfí isteach cripteashócmhainní chun a dtrádála seachas comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid, eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha nó comhartha ríomh-airgid, nó soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní;

(b) faisnéis maidir le haon bheart réamhchúraim a bheartaítear nó a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 102(2) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) aon fhaisnéis eile is gá don chomhar agus bearta réamhchúraim á nglacadh.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN